Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9012/1/26**
**REV 1**

**SPORT 31**
**TOUR 21**
**SUSTDEV 37**
**SAN 282**
**SOC 243**
**CLIMA 247**
**COMPET 539**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an turasóireacht spóirt mar thoisc rannchuiditheach leis an bhforbairt inbhuanaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Bealtaine 2026.

**Conclúidí**
**ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais**
**na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle,**
**maidir leis an turasóireacht spóirt mar thoisc rannchuiditheach leis an bhforbairt inbhuanaithe**

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ ACU:

1. Airteagal 6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar an inniúlacht don Aontas Eorpach gníomhaíochtaí a chur i gcrích i réimse an spóirt chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a fhorlíonadh, Airteagal 165 CFAE, ar dá réir atá an tAontas le rannchuidiú leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shain-nádúr an spóirt, dá struchtúir atá bunaithe ar an ngníomhaíocht shaorálach agus d'fheidhm shóisialta agus oideachasúil an spóirt, mar aon le hAirteagal 195 CFAE, lena bhforáiltear go gcomhlánóidh an tAontas gníomhaíocht na mBallstát in earnáil na turasóireachta, go háirithe trí iomaíochas fhiontair an Aontais inti a chur chun cinn agus trí chruthú timpeallachta fabhraí dá bhforbairt a spreagadh.

2. Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2024–2027[1], ina leagtar amach an creat straitéiseach le haghaidh comhar ar leibhéal an Aontais i réimse an spóirt ina chuspóirí treoracha, chun 'feasacht ar thurasóireacht spóirt a chur chun cinn trí chomhar trasearnála, rud a d'fhéadfadh a bheith lárnach a mhéid a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus cothú athléimneachta na hearnála'.

3. An comhthéacs polaitiúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

[1] IO C, C/2024/3527, 3.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3527/oj

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

4. Chun críche na gconclúidí seo, tagraíonn turasóireacht spóirt do ghníomhaíochtaí turasóireachta lena spreagtar an taisteal trí rannpháirtíocht sa spórt nó i ngníomhaíocht coirp, nó trí fhreastal ar imeachtaí spóirt, ar chomórtais spóirt nó ar nithe is díol spéise a bhaineann le spórt, nó trí bhreathnú orthu sin.

5. Leis an turasóireacht spóirt, tugtar beocht eacnamaíoch na turasóireachta agus luach sóisialta, cultúrtha agus feabhsaithe sláinte an spóirt le chéile, agus is féidir léi a bheith ina hionstraim straitéiseach d'fhorbairt inbhuanaithe fhadtéarmach áitiúil agus réigiúnach. Nuair a phleanáiltear go freagrach agus go comhréireach í, is féidir léi comhtháthú críochach, fostaíocht ardcháilíochta, cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus ceannphointí athléimneacha a chothú, agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil marthanacha á gcur ar fáil do phobail áitiúla freisin, lena n-áirítear trí imeachtaí spóirt lenar féidir rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, féiniúlacht phobail a neartú agus infheictheacht na réigiún óstach a fheabhsú.

6. Sa chomhthéacs sin, tuigtear gur treoirphrionsabal í an inbhuanaitheacht lena n-áirithítear go gcuirtear gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha san áireamh agus beartais phoiblí agus cleachtais phoiblí á gceapadh agus i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha san fhadtéarma.

7. Chun turasóireacht spóirt a bheith inbhuanaithe, ní mór do ghníomhaíochtaí turasóireachta spóirt a bheith comhoiriúnach le cosaint an chomhshaoil agus le cuspóirí aeráide, agus luach fadtéarmach á chur ar fáil ag an am céanna do chuairteoirí agus do phobail áitiúla. Ba cheart gníomhaíochtaí turasóireachta spóirt a fhorbairt i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe, lena n-áiritheofaí cothromaíocht idir freagrachtaí sóisialta agus comhshaoil, chomh maith le hinmharthanacht eacnamaíoch.

8. Trí dheiseanna a chur ar fáil don rannpháirtíocht agus don mhalartú, is féidir leis an turasóireacht spóirt bunluachanna an Aontais a chur chun cinn, comhtháthú sóisialta a neartú agus neamh-idirdhealú a chothú.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU:

9. Ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, is féidir leis an turasóireacht spóirt éiceachórais eacnamaíocha a neartú trí thacú le fostaíocht, trí fhiontraíocht agus infheistíocht a spreagadh, trí luach eacnamaíoch a ghiniúint ó chaiteachas cuairteoirí agus trí rannchuidiú le síneadh a chur leis an séasúr turasóireachta trí ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an spórt, agus cosaint an chomhshaoil, cuspóirí aeráide, agus cineál éagsúil na turasóireachta spóirt i mBallstáit éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna.

10. Go fadtréimhseach, is féidir léi rannchuidiú le brandáil níos éifeachtaí a dhéanamh ar cheannphointí agus le hinfheictheacht idirnáisiúnta na gceannphointí sin a mhéadú, réigiúin agus pobail a shuí trí ghníomhaíochtaí agus luachanna a bhaineann leis an spórt, ar choinníoll go mbainistítear sreafaí turasóireachta ar bhealach inbhuanaithe, agus tarraingteacht na hEorpa mar cheannphointe turasóireachta spóirt á treisiú ag an am céanna.

11. Le rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí spórt an phobail agus clubanna spóirt áitiúla, i bpleanáil agus i seachadadh tionscnamh turasóireachta spóirt, lena n-áirítear trí bhonneagar atá deartha go hinbhuanaithe, is féidir cuidiú le tionchair dhearfacha a uasmhéadú, cultúr agus oidhreacht áitiúil a chaomhnú, agus úinéireacht áitiúil, féiniúlacht agus athléimneacht an phobail a neartú.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO A LEANAS:

12. Nuair a dhéantar í a phleanáil go straitéiseach agus i gcomhréir le hacmhainneachtaí áitiúla, d’fhéadfadh turasóireacht spóirt rogha mhalartach a chur ar fáil ar shamhlacha áirithe ollturasóireachta, a bhfuil baint acu le turasóireacht neamhchothrom agus le brúnna comhshaoil agus sóisialta gaolmhara. Is féidir léi cuidiú le haghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí críochacha trí tháirgí turasóireachta a éagsúlú, trí cheannphointí nach bhfuil an oiread sin clú orthu a chur chun cinn agus trí chineálacha turasóireachta níos freagraí agus níos cothroime a spreagadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le himeachtaí spóirt ar mhionscála agus ar mheánscála, rud a d’fhéadfadh tacú le tarraingteacht na gceannphointí le himeacht ama.

13. I gcás nach ndéantar bainistiú iomchuí orthu, d'fhéadfadh cleachtais turasóireachta spóirt neamh-inbhuanaithe brúnna comhshaoil a chruthú, rud a chuirfeadh leis an athrú aeráide agus a mbeadh tionchar ag an athrú aeráide orthu. Ag an am céanna, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag éifeachtaí an athraithe aeráide ar chleachtais inbhuanaithe turasóireachta spóirt fiú. Ba cheart, dá bhrí sin, leanúint d'fhorbairt na turasóireachta spóirt a chur in oiriúint do rioscaí comhshaoil agus a bheith go hiomlán comhsheasmhach le cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais. Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt di trí phleanáil chomhtháite, chomhréireach atá dírithe ar an todhchaí, lena n-áirítear, i gcás inarb indéanta, measúnú tionchair córasach agus faireachán bunaithe ar tháscairí inchomparáide agus comhchuibhithe, chun athléimneacht ceannphointí turasóireachta spóirt a fheabhsú.

14. Is sciar suntasach de lorg comhshaoil na turasóireachta iad astaíochtaí a bhaineann le hiompar. Chun turasóireacht spóirt inbhuanaithe a fhorbairt, tá gá le pleanáil soghluaisteachta atá feasach ar an aeráid, lena n-áirítear modhanna ísealcharbóin agus gníomhacha a chur chun cinn, agus bonneagar agus dreasachtaí leordhóthanacha chun úsáid an iompair phoiblí a spreagadh.

15. Agus turasóireacht spóirt á forbairt, ba cheart aird chuí a thabhairt ar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus ar chaomhnú timpeallachtaí talún, cósta agus muirí, go háirithe in éiceachórais íogaire. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir le socruithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, is féidir leis an ioncam a ghintear trí thurasóireacht spóirt rannchuidiú freisin le caomhnú an chomhshaoil, le bonneagar inbhuanaithe agus le bainistiú fadtéarmach na gceannphointí.

16. Trí fheasacht a mhúscailt, le hoideachas comhshaoil agus tionscnaimh fothaithe acmhainneachta, i measc turasóirí spóirt agus cónaitheoirí, agus i measc eagraithe agus soláthraithe seirbhíse, is féidir rannchuidiú le cleachtais turasóireachta spóirt níos inbhuanaithe.

17. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag comhar idir údaráis phoiblí, gnólachtaí áitiúla, eagraíochtaí spóirt, eagraíochtaí comhshaoil agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, i bhforbairt na turasóireachta spóirt inbhuanaithe, lena n-áirítear trí chomhordú feabhsaithe, malartú eolais agus comhroinnt dea-chleachtas.

18. Trí idirghníomhaíocht agus cuimsiú sóisialta, muinín, líonrú agus idirphlé a spreagadh i measc rannpháirtithe ó chúlraí éagsúla, is féidir leis an turasóireacht spóirt feabhas a chur ar chur chun cinn na comhthuisceana, an chomhionannais inscne, rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, idirphlé idirchultúrtha agus teagmhálacha idirphearsanta, lena n-áirítear mar uirlis taidhleoireachta spóirt.

19. Is féidir leis an turasóireacht spóirt rannchuidiú le roinnt SFInna de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, go háirithe SFInna 1, 3, 5, 8, 10, 11, 12, 13, 15, 16 agus 17, nuair a dhéantar iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe cuimsitheach.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR AN LEIBHÉAL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

20. Machnamh a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach comhtháite a ghlacadh maidir le forbairt na turasóireachta spóirt, trí bheartais spóirt, turasóireachta agus inbhuanaitheachta a ailíniú, agus cuspóirí ábhartha SFInna 2030 na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh.

21. Comhar Eorpach, idirnáisiúnta agus trasteorann a spreagadh i measc údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla trí chláir de chuid an Aontais, comhpháirtíochtaí réigiúnacha, líonraí agus tionscnaimh chomhpháirteacha atá ann cheana, lena n-áiritheofar cur chuige comhordaithe agus trasearnála lena n-úsáidfear comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus comhpháirtíochtaí leis an earnáil dheonach freisin chun nuálaíocht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chur chun cinn i bhforbairt na turasóireachta spóirt.

22. Féachaint, i gcás inarb iomchuí, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus de na creataí airgeadais atá ar fáil, an bhféadfaí acmhainní airgeadais iomchuí a leithdháileadh chun tacú le tionscnaimh turasóireachta spóirt inbhuanaithe, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, réitigh maidir le soghluaisteacht, agus forbairt bonneagair, nuálaíocht dhigiteach, taighde agus tionscadail comhair trasteorann, agus comhleanúnachas le tosaíochtaí an Aontais agus le hionstraimí cistiúcháin atá ann cheana á áirithiú ag an am céanna.

23. Smaoineamh ar ghníomhaíochtaí turasóireachta a bhaineann leis an spórt a chur chun cinn, an tsoghluaisteacht ghníomhach san áireamh, chun idir chuairteoirí agus phobail áitiúla, lena n-áirítear grúpaí agus daoine atá faoi ghannionadaíocht nó i staid leochaileach, a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht coirp, trí bhíthin sineirgí le tionscnaimh ábhartha an Aontais nuair is féidir, agus é á thabhairt dá n-aire go mbaintear na tairbhí sláinte is mó amach nuair a dhéantar na daoine is lú a bhíonn ag gabháil don ghníomhaíocht coirp a rannpháirtiú.

24. Turasóireacht spóirt éagsúlaithe a spreagadh mar uirlis chun ceannphointí a fhorbairt agus a bhrandáil ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear i réigiúin fhorimeallacha agus i réigiúin nach meallann mórán cuairteoirí de ghnáth, agus réitigh iompair inbhuanaithe, an nascacht agus an inrochtaineacht á gcur chun cinn ag an am céanna, agus sineirgí á gcothú freisin le cineálacha malartacha agus speisialta turasóireachta, chun an tséasúracht a laghdú agus brúnna críochacha a mhaolú agus mar chúnamh le díghrádú an chomhshaoil agus dúshláin shóisialta a chosc.

25. Cleachtais atá stuama ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn nuair a bheidh gníomhaíochtaí turasóireachta spóirt ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht na bpobal áitiúil á n-eagrú agus á gcur i gcrích, agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus na tionchair fhadtéarmacha ar an gcomhshaol á gcur san áireamh, agus forbairt agus cothabháil bonneagair agus seirbhísí inbhuanaithe a spreagadh, agus acmhainn iompair an chomhshaoil á hurramú agus sreafaí cuairteoirí á mbainistiú, go háirithe thar achair fhada, chun plódú a sheachaint.

26. Tionscnaimh múscailte feasachta a chothú do chuairteoirí agus d'eagraithe, agus oiliúint maidir le saincheisteanna cosanta comhshaoil a chur ar ghairmithe in earnáil na turasóireachta spóirt.

27. Smaoineamh ar thaighde agus forbairt eolais a spreagadh trí shonraí a bhailiú agus a mhalartú maidir le táscairí inbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíche i ndáil leis an turasóireacht spóirt, lena n-áirítear treochtaí margaidh, mar chuid de chreataí níos leithne um fhaireachán ar inbhuanaitheacht na turasóireachta, agus úsáid á baint as táscairí inchomparáide comhchuibhithe darb ann cheana, nuair is féidir; ba cheart go gcuirfeadh an méid sin leis an gcinnteoireacht fhianaise-bhunaithe agus ba cheart go mbeadh sé ina thaca leis an bhfaireachán a dhéantar ar bheartais phoiblí le himeacht aimsire.

28. I gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir le caighdeáin eiticiúla agus leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí, féachaint an bhféadfaí uirlisí digiteacha a úsáid, lena n-áirítear feidhmchláir, ardáin, réaltacht fhíorúil nó bhreisithe agus an intleacht shaorga, chun tacú leis an mbainistiú sonraíbhunaithe agus inbhuanaithe a dhéantar ar ghníomhaíochtaí agus ceannphointí turasóireachta spóirt, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar shreabhadh na gcuairteoirí agus chun measúnuithe tionchair a dhéanamh, agus aird á tabhairt ar na costais chomhshaoil a bhaineann leis na réitigh sin, go háirithe ó thaobh tomhaltas fuinnimh agus uisce de.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, FAOI CHUIMSIÚ A RÉIMSE INNIÚLACHTAÍ, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Tacú leis an malartú faisnéise, dea-chleachtas agus eolais i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha maidir le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta spóirt, lena n-áirítear trí ardáin struchtúrtha agus tionscnaimh atá ann cheana, agus tuiscint ar chur i bhfeidhm na rialacha státchabhrach a chur chun cinn.

30. Treoir a thabhairt maidir le cláir chistiúcháin ábhartha an Aontais, Erasmus+, cuir i gcás, gan ach sampla amháin díobh a lua, chun tacú le tionscnaimh turasóireachta spóirt atá inbhuanaithe, nuálach agus cuimsitheach ar bhonn sóisialta, lena n-áirítear na tionscnaimh sin a chuireann an comhar trasteorann chun cinn.

31. Taighde agus bailiú sonraí a bhaineann leis an turasóireacht spóirt a spreagadh, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus staidreamh comhchuibhithe a fhorbairt agus a úsáid, cuir i gcás Cuntais Satailíte Turasóireachta, Cuntais Satailíte Spóirt, an Spás Sonraí Eorpach don Turasóireacht agus Deais Turasóireachta an Aontais Eorpaigh, gan córais staidrimh chomhthreomhara nó ilroinnte a chruthú.

32. Ról na turasóireachta spóirt a fhiosrú i gcomhthéacs Straitéis an Aontais um an Turasóireacht Inbhuanaithe.

IARRANN SIAD AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR PHÁIRTITHE LEASMHARA NA TURASÓIREACHTA SPÓIRT, AGUS AIRD Á TABHAIRT AR A bhFREAGRACHTAÍ AGUS AR NEAMHSPLEÁCHAS AN SPÓIRT, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

33. Smaoineamh ar dhul i mbun comhpháirtíochtaí agus socruithe comhair ar bhonn fadtéarmach struchtúrtha, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí trasteorann agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, chun seirbhísí agus tionscadail a fhorbairt ar mhaithe le hinbhuanaitheacht na turasóireachta spóirt, agus chun rannchuidiú le tionscnaimh ábhartha an Aontais a chuireann rannpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht sa spórt chun cinn.

34. Obair dheonach, rannpháirtíocht an phobail agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí turasóireachta spóirt, agus trí bhíthin na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí sin.

35. Cleachtais atá stuama ó thaobh an chomhshaoil de agus cuimsitheach ar bhonn sóisialta a chothú maidir le gníomhaíochtaí agus imeachtaí turasóireachta spóirt a phleanáil agus a eagrú, lena n-áirítear plean soghluaisteachta inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus socruithe iompair arna gcumhdach ann.

36. An inbhuanaitheacht, lena n-áirítear roghanna iompair inbhuanaithe, an inrochtaineacht agus an fhreagracht shóisialta a chomhtháthú i margaíocht na turasóireachta spóirt, lena n-áirítear trí bhíthin uirlisí digiteacha agus trí imeachtaí seachshéasúir agus réigiúnacha a chur chun cinn, chun tacú le forbairt chríochach chothrom, fostaíocht ardcháilíochta, cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus athléimneacht fhadtéarmach na gceannphointí.

37. Cur leis an mbailiú sonraí, leis an taighde agus leis an gcomhroinnt eolais, i gcás inarb iomchuí, mar thaca leis an gceapadh beartas fianaisebhunaithe agus chun feabhas leanúnach a chur ar chleachtais inbhuanaithe sa turasóireacht spóirt.

38. Eagraíochtaí spóirt a spreagadh le páirt a ghlacadh san Fhorógra maidir leis an Spórt Glas faoi chuimsiú thionscnamh SHARE 2.0 agus le hoibriú le chéile ar mhaithe le turasóireacht spóirt a bheidh níos inbhuanaithe agus níos freagraí ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a scaipeadh go forleathan.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

Creat reachtach agus beartais an Aontais

– Conclúidí ón gComhairle an 9 Nollaig 2024 maidir le hoidhreacht bhuan mórimeachtaí spóirt a chothú (IO C, C/2024/7401, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7401/oj)

– Conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le Clár Oibre 2030 a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaint amach: Dlús a chur le logánú na SFInna (15939/23)

– Conclúidí ón gComhairle an 21 Samhain 2023 maidir le haistriú sóisialta, glas agus digiteach (15732/23)

– Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030 (15441/22)

– Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2022 maidir le bonneagar inbhuanaithe inrochtana spóirt (IO C 494, 28.12.2022, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 4 Aibreán 2022 maidir le spórt agus gníomhaíocht coirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe (IO C 170, 25.4.2022, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *EU Support to tourism: need for a fresh strategic orientation and a better funding approach* [Tacaíocht an Aontais don turasóireacht: treoshuíomh straitéiseach nua mar aon le cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth] (6829/22)

– Rún ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le príomhghnéithe Samhla Eorpaí Spóirt (IO C 501, 13.12.2021, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le gníomhaíocht coirp ar feadh an tsaoil (IO C 501 I, 13.12.2021, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 18 Bealtaine 2021 maidir leis an nuálaíocht sa spórt (IO C 212, 4.6.2021, lch. 2)

– Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2021 maidir le Turasóireacht san Eoraip sa chéad deacáid eile: inbhuanaithe, athléimneach, digiteach, domhanda agus sóisialta (8881/21)

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2021 maidir le Straitéis an Aontais maidir leis an Turasóireacht Inbhuanaithe a leagan síos (IO C 494, 8.12.2021, lch. 106)

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 maidir le hiompar agus turasóireacht in 2020 agus ina dhiaidh sin (IO C 362, 8.9.2021, lch. 55)

– Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 22 Samhain 2019, maidir le Gné Chultúrtha na Forbartha Inbhuanaithe (IO C 410, 6.12.2019, lch. 1)

– Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2019 maidir le hiomaíochas na hearnála turasóireachta mar thionscnóir d'fhás inbhuanaithe, do phoist agus do chomhtháthú sóisialta san Aontas sna deich mbliana atá romhainn (9707/19)

– Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019, 'I dTreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe faoi 2030' (8286/19)

– Conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2017 maidir le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (10370/17)

– Conclúidí ón gComhairle an 1 Meitheamh 2016 maidir le feabhas a chur ar shláine, trédhearcacht agus dea-rialachas i mórimeachtaí spóirt (9644/16)

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Deireadh Fómhair 2015 maidir le dúshláin agus coincheapa nua i ndáil leis an turasóireacht san Eoraip a chur chun cinn (IO C 355, 20.10.2017, lch. 71)

- Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 maidir le turasóireacht a neartú trí thús áite a thabhairt d'oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus mhuirí na hEorpa (16535/14)

- Conclúidí ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an Eoraip, príomh-cheannphointe turasóireachta an domhain – creat polaitiúil nua don turasóireacht san Eoraip (14944/10)

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – an Eoraip, príomh-cheannphointe turasóireachta an domhain – creat polaitiúil nua don turasóireacht san Eoraip (COM/2010/0352 final (an 30 Meitheamh 2010))